AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 14.9.2016
COM(2016) 595 final

2016/0279 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

i dtaca leis an malartú trasteorann idir tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Leis an Rialachán atá beartaithe ceadófar don Aontas oibleagáid idirnáisiúnta a chomhlíonadh faoi Chonradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile ('Conradh Marrakech'). Glacadh Conradh Marrakech in 2013 ag an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) d'fhonn rochtain agus malartú trasteorann a éascú ar leabhair agus ábhar clóite eile i bhformáidí inrochtana ar fud an domhain. Shínigh an tAontas[1] é in Aibreán 2014. Leis an gConradh cuirtear de cheangal ar na páirtithe eisceachtaí nó teorainneacha a sholáthar ar chóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc agus daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile agus ceadaítear do mhalartú trasteorann de chóipeanna i bhformáid speisialta de leabhair, lena n-áirítear closleabhair, agus ábhar clóite eile i measc na dtíortha atá ina bpáirtithe sa Chonradh.

Mar sin, tá gealltanas polaitiúil déanta ag an Aontas an Conradh a chur i bhfeidhm, gealltanas atá treisithe ó shin ag an gComhairle agus ag Parlaimint na hEorpa freisin. Thíolaic an Coimisiún togra ar leithligh do Chinneadh ón gComhairle do dhaingniú Chonradh Marrakech ag an Aontas i nDeireadh Fómhair 2014. I mBealtaine 2015, chuir an Chomhairle iarratas faoi bhráid an Choimisiúin faoi Airteagal 241 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), inar thug sé le fios go láidir a thiomantas iomlán do theacht i bhfeidhm tapa Chonradh Marrakech agus d'iarr sí ar an gCoimisiún togra reachtaíochta a thíolacadh gan mhoill chun creat dlíthiúil an Aontais a leasú i gcomhréir leis an gConradh.

Maidir le tairbhithe Chonradh Marrakech, i.e. daoine dalla, daoine lagamhairc, nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló, is iomaí bacanna atá rompu ar an rochtain ar leabhair agus ábhar clóite eile atá faoi chosaint ag cóipcheart agus cearta gaolmhara. Meastar go bhfuil idir 7 %[2] agus 20 %[3] de leabhair ar fáil i bhformáidí atá inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló, cé go gcuidíonn an teicneolaíocht dhigiteach go mór leis an bhfoilsitheoireacht inrochtana[4]. Áiríonn formáidí inrochtana e.g. Braille, cló mór, ríomhleabhair agus closleabhair le nascleanúint speisialta, clostuairisc agus craoltaí raidió.

Cuireann Conradh Marrakech de cheangal ar na páirtithe conarthacha, ar an taobh amháin, a bhforálacha dlí inmheánacha a chur i gcomhréir leis an gConradh agus, ar an taobh eile, ceadú don mhalartú trasteorann de chóipeanna i bhformáid inrochtana a dhéantar faoi eisceachtaí nó teorainneacha náisiúnta le tríú tíortha atá ina bpáirtithe sa Chonradh. D'fhonn Conradh Marrakech a chur i bhfeidhm laistigh den Aontas, cuireann Treoir […] de cheangal ar na Ballstáit eisceacht shainordaitheach a thabhairt isteach ar chearta áirithe sealbhóirí cirt comhchuibhithe ag dlí an Aontais chun leasa na ndaoine is tairbhithe agus chun a áirithiú go mbíonn rochtain trasteorann ar chóipeanna i bhformáid speisialta laistigh den mhargadh inmheánach. Is é cuspóir an Rialacháin atá beartaithe oibleagáidí an Aontais a chur i

---

1 Cinneadh 2014/221/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chonradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile (IO L115, 17.4.2014, lch. 1.).

2 LISU for the Royal National Institute of Blind People (RNIB), 'Availability of accessible publications - 2011 update', Deireadh Fómhair 2011.

3 Catherine Meyer-Lereculeur 'Exception 'handicap' au droit d'auteur et développement de l'offre de publications accessibles à l'ère numérique', Bealtaine 2013.

4 Baineann na figiúirí seo le hinfhaighteacht i roinnt formáidí inrochtana, ach ní iad uile.

bhfeidhm faoi Chonradh Marrakech i dtaca le cóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe a mhalartú idir na tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha atá ina bpáirtithe le Conradh Marrakech, chun leasa na ndaoine is tairbhithe.

Leis an Rialachán seo atá beartaithe, mar sin, áirithítear gur féidir cóipeanna i bhformáid inrochtana a dhéantar i mBallstát ar bith i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta a glacadh de bhun Threoir […] a onnmhairiú chuig tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech. Ina theannta sin, leis an Rialachán ceadaítear allmhairiú de chóipeanna i bhformáid inrochtana á dhéantar i gcomhréir le Conradh Marrakech i dtríú tíortha atá ina bpáirtithe sa Chonradh, chun leasa daoine is tairbhithe san Aontas. Ba chóir go mbeadh daoine is tairbhithe agus eintitis údaraithe atá bunaithe san Aontas freisin a bheith ábalta cóipeanna den sórt sin a fháil agus ba chóir go mbeifí ábalta na cóipeanna sin a scaipeadh sa mhargadh inmheánach faoi na coinníollacha céanna agus a bhaineann le cóipeanna i bhformáid inrochtana a dhéantar san Aontas i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta a glacadh de bhun Threoir [...].

Tá an Rialachán atá beartaithe i gcomhréir freisin le hoibleagáidí an Aontais a eascraíonn as Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas (‘UNCRPD’). Tá an tAontas Eorpach faoi cheangal ag UNCRPD ó Eanáir 2011, de bhun Chinneadh 2010/48/CE ón gComhairle[5]. Mar sin, tá na forálacha atá leagtha amach in UNCRPD ina gcuid dhílis de dhlíchóras an Aontais anois. Tá an ceart rochtain a fháil ar fhaisnéis agus an ceart ag daoine faoi mhíchumais páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha ar bhonn comhionann le daoine eile cumhdaithe in UNCRPD. Lena Airteagal 30 cuirtear de cheangal ar na páirtithe sa choinbhinsiún gach beart is gá a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena áirithiú nach ionann dlíthe lena gcosnaítear cearta maoine intleachtúla agus bacainní míréasúnacha nó idirdhealaitheacha ar rochtain ag daoine faoi mhíchumais ar ábhair chultúrtha. Ina thuairimí deiridh ar thuarascáil tosaigh an Aontais Eorpaigh[6], a glacadh an 4 Meán Fómhair 2015, mhol Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas don Aontas gach beart iomchuí a dhéanamh chun Conradh Marrakech a chur i bhfeidhm a luaithe agus is féidir.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Baineann an Rialachán atá beartaithe le cóipeanna i bhformáid inrochtana d’ábhar áirithe a bhfuil a chóipcheart cosanta a mhalartú le tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech. In éineacht le Treoir […], mar sin, cuidíonn sé le Conradh Marrakech a chur i bhfeidhm i ndlí an Aontais. Beidh an Rialachán atá beartaithe ar an gcéad phíosa de reachtaíocht an Aontais Eorpaigh le forálacha a thabhairt isteach go sonrach i dtaca le cóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe a mhalartú go hidirnáisiúnta ar son daoine is tairbhithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an Rialachán atá beartaithe, in éineacht le Treoir […], comhlíontar gealltanais agus oibleagáidí an Aontais i dtaca agus oibleagáidí i dtaca le lánpháirtíocht daoine faoi mhíchumais mar atá leagtha amach thuas. Tá sé ag teacht le reachtaíocht agus beartas eile an Aontais Eorpaigh sa réimse seo.

---

5 Cinneadh 2010/48/CE ón gComhairle an 26 Samhain 2009 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas i gcrích (IO L23, 27.1.2010, lch. 35).

6 CRPD/C/EU/CO/1, ar fáil ag: http://tbinternet.ohchr.org/Treaties/CRPD/Shared%20Documents/EUR/CRPD_C_EU_CO_1_21617_E.doc.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí leis an togra.

- **Comhréireacht**

Tá sé de cheangal ar an Aontas a oibleagáidí idirnáisiúnta faoi Chonradh Marrakech a chomhlíonadh. Leis an Rialachán seo cuidítear leis na forálacha a chur i bhfeidhm atá sa Chonradh i dtaca le saothair i bhformáid inrochtana a mhalartú le tríú tíortha atá ina bpáirtithe sa Chonradh. Ní féidir bearta den sórt sin a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais toisc go mbaineann an malartú de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair agus d'ábhar cosanta eile le gnéithe tráchtála de mhaoin intleachtúil. Mar sin is é Rialachán an t-aon ionstraim oiriúnach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán an ionstraim atá beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Is é cuspóir an Rialacháin atá beartaithe oibleagáidí idirnáisiúnta nua a chomhlíonadh maidir le dlí an Aontais. Dá bhrí sin, níl meastóireacht shiarghabhálach ar an dlí Eorpach atá ann cheana sa réimse seo ábhartha agus níl gá léi sa chomhthéacs seo. Cuireadh an fhaisnéis atá ar fáil i dtaca le reachtaíocht Eorpach ghaolmhar san áireamh, áfach, go háirithe na torthaí ar chomhairliúcháin phoiblí agus faisnéis ó shaineolaithe cheana.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh comhairliúchán ar leith leis na páirtithe leasmhara chun críocha an Rialacháin atá beartaithe, a chuireann i bhfeidhm forálacha a bunaíodh ar leibhéal idirnáisiúnta. Sa chomhairliúchán poiblí forleathan i dtaca leis an athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir le cóipcheart a rinne an Coimisiún idir Nollaig 2013 agus Márta 2014 bhí rannóg freisin i dtaca le teorainneacha agus eisceachtaí chun leasa daoine faoi mhíchumais agus i dtaca leis an rochtain agus scaipeadh ar shaothair i bhformáidí inrochtana, a rinne tagairt do Chonradh Marrakech freisin[7]. I measc nithe eile, thug na tuairimí a léirigh úsáideoirí deiridh, tomhaltóirí agus úsáideoirí institiúideacha (lena n-úsáidtear eagraíochtaí a fhreastalaíonn ar riachtanais daoine faoi mhíchumais agus leabharlanna) le fios go bhfuil an-éagsúlacht sa scóip d'eisceachtaí nó teorainneacha náisiúnta, rud a chiallaíonn go bhfuil sé deacair deimhneacht dhlíthiúil a bheith ann nuair atá cóipeanna i bhformáid inrochtana a rinneadh faoi eisceacht nó teorainn náisiúnta ar chóipcheart á n-onnmhairiú agus á n-allmhairiú. Mheas na freagróirí institiúideacha sin go seasta go dtabharfadh Conradh Marrakech aghaidh go sásúil ar na

[7] Report on the responses to the Public Consultation on the Review of the EU Copyright Rules, Iúil 2014, lgh. 61-63. http://ec.europa.eu/internal_market/consultations/2013/copyright-rules/index_en.htm

húdair imní seo. I gcoitinne mheas sealbhóirí cirt agus eagraíochtaí comhbhainistíochta nach raibh aon fhadhbanna ag eascairt as an gcur i bhfeidhm náisiúnta ar an eisceacht nó teorainn roghnach a bhforáiltear dóibh i reachtaíocht an Aontais. Luaigh siad freisin go raibh na sásraí margaidh atá ann cheana ag déileáil go héifeachtach ar fhadhb na rochtana ar shaothair do dhaoine faoi mhíchumais. Ní raibh an tuairim sin ag úsáideoirí deiridh, tomhaltóirí nó úsáideoirí institiúideacha.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Níor bailíodh aon saineolas go sonrach in ullmhú an togra seo. Chuir an Coimisiún san áireamh staidéar ón mbliain 2013 i dtaca le cur i bhfeidhm na Treorach 2001/29/CE[8], a rinne measúnú *inter alia* ar an gcur i bhfeidhm in 11 Bhallstát den eisceacht nó teorainn roghnach san Aontas do dhaoine faoi mhíchumas in Airteagal 5(3)(b) den Treoir sin.

- **Measúnú tionchair**

Tabharfaidh an Rialachán atá beartaithe aghaidh ar impleachtaí Chonradh Marrakech do mhalartú de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe le tríú tíortha agus féachtar leis le dlí an Aontais a chur i gcomhréir leis an gConradh ina leith sin. Ní éilítear leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr[9] go ndéanfaí measúnú tionchair sa chás nach bhfuil aon rogha ag an gCoimisiún i dtaca le hábhar an bheartais.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an Rialachán atá beartaithe tacaítear le ceart daoine faoi mhíchumais tairbhe a bhaint as bearta a ceapadh chun a neamhspleáchas, a lánpháirtíocht shóisialta agus ghairme agus a rannpháirtíocht i saol an phobail a áirithiú, mar a chumhdaítear iad in Airteagal 26 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’). Leis an Rialachán freisin léirítear gealltanais an Aontais faoi UNCRPD. Le UNCRPD ráthaítear do dhaoine faoi mhíchumais an ceart rochtain a fháil ar fhaisnéis agus an ceart páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta ar bhonn comhionann le daoine eile. Dá bhrí sin, tá bunús le srian ar chearta maoine na sealbhóirí cirt i bhfianaise oibleagáidí an Aontais faoin gCairt[10].

Bheadh tionchar teoranta ag an togra ar chóipcheart mar cheart maoine mar a aithnítear sa Chairt (Airteagal 17(2)[11]. Sa chomhthéacs seo, is fiú a mheabhrú go bhfuil eisceacht éigeantach cóipchirt tugtha isteach ag Treoir […] chun leasa daoine is tairbhithe den togra seo. Mar sin beidh tionchar an Rialacháin seo teoranta don rialú ar an malartú de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe le tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

---

8 "Study on the application of Directive 2001/29/EC on copyright and related rights in the information society", Nollaig 2013, De Wolf and partners, ar fáil ag: http://ec.europa.eu/internal_market/copyright/docs/studies/131216_study_en.pdf , lch. 417 et seq.

9 SWD(2015) 111 final.

10 Le hAirteagal 52(1) den Chairt ceadaítear teorainneacha a chuireann bac ar chur i bhfeidhm na Cairte: maidir leis na teorainneacha seo ní mór (i) foráil a bheith ann sa dlí ina leith; agus (ii) go n-urramóidís inneachar sár-riachtanach na gceart agus na saoirsí sin. Ina theannta sin, tá na teorainneacha (iii) ‘faoi réir phrionsabal na comhréireachta’ agus ‘ní fhéadfar teorainneacha a dhéanamh ach amháin má tá gá leo agus má fhreagraíonn siad iarbhír do chuspóirí leasa ghinearálta arna n-aithint ag an Aontas nó don riachtanas cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint’.

11 IO C 83, 30.3.2010, lgh. 389–403.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr agus tráth nach luaithe ná cúig bliana i ndiaidh an dáta óna mbeidh feidhm leis an Rialachán, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán agus tíolacfaidh sé na príomhthátail chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, in éineacht le tograí chun an Rialachán a leasú, i gcás inarb iomchuí. Ar an dóigh chéanna, déanfaidh sé meastóireacht ar Threoir […].

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

In Airteagal 1 sonraítear ábhar agus raon feidhme an togra. Leis an Rialachán atá beartaithe déanfar rialáil ar an malartú de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart nó cearta gaolmhara idir tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha, i gcomhréir le Conradh Marrakech.

In Airteagal 2 tugtar sainmhínithe ar na téarmaí ‘saothar nó ábhar eile’, ‘duine is tairbhí’, ‘cóip i bhformáid inrochtana’ agus ‘eintiteas údaraithe’ atá i bhfeidhm chun críocha an Rialacháin atá beartaithe.

In Airteagal 3 tá forálacha i dtaca le cóipeanna i bhformáid inrochtana a onnmhairiú ón Aontas chuig tríú tíortha.

In Airteagal 4 tá forálacha i dtaca le cóipeanna i bhformáid inrochtana a allmhairiú ó thríú tíortha chuig an Aontas.

In Airteagal 5 sonraítear na hoibleagáidí a bhfuil sé de cheangal ar eintitis údaraithe a chomhlíonadh agus cóipeanna i bhformáid inrochtana á malartú acu le tríú tíortha.

In Airteagal 6 leagtar amach na rialacha atá infheidhme i dtaca le cosaint sonraí pearsanta.

In Airteagal 7 leagtar amach na socruithe i dtaca leis an meastóireacht ar an Rialachán seo, i gcomhréir le rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr.

In Airteagal 8 sonraítear teacht i bhfeidhm don Rialachán seo agus in Airteagal 9 sonraítear a chur i bhfeidhm i dtaca le ham.

2016/0279 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

i dtaca leis an malartú trasteorann idir tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile atá cosanta le cóipcheart agus cearta gaolmhara chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na Parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Maidir le daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, is iomaí bacanna atá rompu fós ar an rochtain ar leabhair agus ábhar clóite eile. Ar an leibhéal idirnáisiúnta tá aitheantas ann don ghá le méadú ar líon na saothar agus an ábhair chosanta eile i bhformáidí inrochtana atá ar fáil do na daoine sin agus feabhas a chur ar a gciorclaíocht agus ar a scaipeadh. Síníodh Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile (‘Conradh Marrakech’) ar son an Aontais an 30 Aibreán 2014[12]. Ceanglaítear leis ar pháirtithe conarthacha eisceachtaí nó teorainneacha a fhoráil do chearta eisiacha sealbhóirí cóipchirt agus ceart gaolmhar chun cóipeanna i bhformáidí inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile a dhéanamh agus a scaipeadh agus chun na cóipeanna i bhformáid inrochtana seo a mhalartú trasteorann. Is iad tairbhithe Chonradh Marrakech daoine dalla, daoine lagamhairc, nó daoine atá faoi mhíchumas aireachtála agus léitheoireachta, lena n-áirítear disléicse, a chuireann cosc orthu saothair chlóite a léamh go dtí an leibhéal céanna, go substaintiúil, le duine nach bhfuil faoi mhíchumas den sórt sin, nó nach bhfuil ábalta breith ar leabhar nó leabhar a láimhseáil, nó nach bhfuil ábalta a súile a fhócasú nó a bhogadh de réir mar is gá don léitheoireacht mar thoradh ar mhíchumas coirp.

(2) Le Treoir […] féachtar le hoibleagáidí an Aontais faoi Chonradh Marrakech a chur i bhfeidhm ar bhealach comhchuibhithe d’fhonn feabhas a chur ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana do dhaoine is tairbhithe agus a gciorclaíocht laistigh den mhargadh inmheánach. Leis an Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit eisceacht

[12] Cinneadh 2014/221/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Chonradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile. (IO L115, 17.4.2014, lch. 1.)

shainordaitheach a thabhairt isteach ar chearta áirithe sealbhóirí cirt atá comhchuibhithe ag dlí an Aontais. Is iad cuspóirí an Rialacháin seo na hoibleagáidí i gConradh Marrakech a chur i bhfeidhm i dtaca le cóipeanna i bhformáid inrochtana a onnmhairiú agus a allmhairiú chun leasa daoine is tairbhithe idir tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech, na coinníollacha a leagan síos d'onnmhairiú agus allmhairiú den sórt sin. Ní féidir bearta den sórt sin a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais toisc go mbaineann an malartú de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair agus d'ábhar cosanta eile le gnéithe tráchtála de mhaoin intleachtúil. Is é Rialachán an t-aon ionstraim oiriúnach.

(3) Ba chóir don Rialachán a áirithiú gur féidir cóipeanna i bhformáid inrochtana de leabhair, irisleabhair, nuachtáin, irisí agus scríbhinní eile, bileoga ceoil agus ábhar clóite eile, a rinneadh i mBallstát ar bith i gcomhréir leis na forálacha náisiúnta a glacadh de bhun Threoir […] a onnmhairiú chuig tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech. Áiríonn formáidí inrochtana Braille, cló mór, ríomhleabhair oiriúnaithe, closleabhair agus craoltaí raidió. Níor chóir dáileadh, cur in iúl nó cur ar fáil cóipeanna i bhformáid inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló nó chuig eintitis údaraithe sa tríú tír a dhéanamh ach ar bhonn neamhbhrabúsach ag eintitis údaraithe atá bunaithe san Aontas.

(4) Leis an Rialachán seo freisin ba chóir ceadú d'onnmhairiú agus rochtain ar chóipeanna i bhformáid inrochtana a dhéantar i gcomhréir le cur i bhfeidhm Chonradh Marrakech ó thríú tír, ag daoine is tairbhithe san Aontas agus eintitis údaraithe atá bunaithe san Aontas, chun leasa daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló. Ba chóir go mbeadh sé indéanta na cóipeanna i bhformáid inrochtana sin a scaipeadh sa mhargadh inmheánach faoi na coinníollacha céanna agus a bhaineann le cóipeanna i bhformáid inrochtana a dhéantar san Aontas i gcomhréir le Treoir [...].

(5) D'fhonn feabhas a chur ar infhaighteacht cóipeanna i bhformáid inrochtana agus chun cosc a chur ar scaipeadh neamhdhleathach saothar agus ábhair eile, ba chóir d'eintitis údaraithe a ghabhann do dháileadh nó cur ar fáil cóipeanna i bhformáid inrochtana oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh.

(6) Aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta faoin Rialachán sin, ba cheart dó cearta bunúsacha a urramú, lena n-áirítear an ceart go ndéanfar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh a urramú agus an ceart go ndéanfar sonraí príobháideacha a chosaint faoi Airteagal 7 agus Airteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ní mór é a bheith i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] lena rialaítear an phróiseáil ar shonraí pearsanta, faoi mar is féidir a dhéanamh ag eintitis údaraithe faoi chuimsiú an Rialacháin seo agus faoi mhaoirsiú údaráis inniúla na mBallstát, go háirithe na húdaráis neamhspleácha phoiblí ainmnithe ag na Ballstáit.

(7) Ráthaíonn Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ('UNCRPD'), ar páirtí ann an tAontas Eorpach, do dhaoine faoi mhíchumais an ceart rochtain a fháil ar fhaisnéis agus an ceart páirt a ghlacadh sa saol cultúrtha, eacnamaíoch agus sóisialta ar bhonn comhionann le daoine eile. Ceanglaítear le UNCRPD ar na páirtithe sa Choinbhinsiún gach beart is gá a dhéanamh, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena áirithiú nach ionann dlíthe lena gcosnaítear cearta maoine

[13] Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

intleachtúla agus bacainní míréasúnacha nó idirdhealaitheacha ar rochtain ag daoine faoi mhíchumais ar ábhair chultúrtha.

(8) Leis an Rialachán urramaítear na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ba chóir an Rialachán seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na cearta agus prionsabail sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1
Ábhar agus raon feidhme

Leis an Rialachán seo leagtar síos rialacha maidir leis an malartú trasteorann de chóipeanna i bhformáid inrochtana de shaothair áirithe agus ábhar eile idir tíortha de chuid an Aontais agus tríú tíortha atá ina bpáirtithe i gConradh Marrakech gan údarú ón sealbhóir cirt, chun leasa daoine dalla, daoine lagamhairc nó daoine atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile.

Airteagal 2
Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn ‘saothar nó ábhar eile’ saothar i bhfoirm leabhair, irisleabhair, nuachtáin, irise nó scríbhinne eile, lena n-áirítear bileoga ceoil, agus maisithe a ghabhann leo, i meán ar bith, lena n-áirítear i bhfoirm fuaime amhail closleabhair, atá cosanta le cóipcheart nó cearta gaolmhara agus a fhoilsítear nó a chuirtear ar fáil go poiblí go dlíthiúil ar bhealach eile;

(2) ciallaíonn ‘duine is tairbhí’:

(a) duine atá dall;

(b) duine atá faoi mhallachar amhairc nach féidir a fheabhsú sa chaoi is go mbeidh feidhm amhairc ag an duine atá coibhéiseach go substaintiúil le feidhm amhairc duine nach bhfuil mallachar den sórt sin orthu;

(c) duine atá faoi mhíchumas aireachtála agus léitheoireachta, lena n-áirítear disléicse, agus nach bhfuil, mar thoradh, ábalta saothair chlóite a léamh go dtí an leibhéal céanna, go substaintiúil, faoi mhallachar nó míchumas; nó

(d) duine nach bhfuil ábalta ar bhealach eile, mar thoradh ar mhíchumas coirp, breith ar leabhar nó leabhar a láimhseáil nó nach bhfuil ábalta a súile a fhócasú nó a bhogadh a mhéid agus a bheadh inghlactha de ghnáth don léitheoireacht.

(3) ciallaíonn ‘cóip i bhformáid inrochtana’ cóip de shaothar nó ábhar eile i mbealach nó foirm mhalartach a thugann rochtain do dhuine is tairbhí ar an saothar nó ábhar eile, lena n-áirítear ligean don duine rochtain a bheith aige chomh hindéanta agus chomh compordach le duine nach bhfuil faoi mhallachar amhairc nó aon cheann de na míchumais dá dtagraítear i mír 2;

(4) ciallaíonn ‘eintiteas údaraithe’ eagraíocht a sholáthraíonn oideachas, oiliúint teagaisc, léitheoireacht oiriúnaitheach nó rochtain ar fhaisnéis do dhaoine is tairbhithe ar bhonn neamhbhrabúsach, mar phríomhghníomhaíocht nó mar cheann dá príomhghníomhaíochtaí nó misin chun leasa an phobail.

Airteagal 3
Cóipeanna i bhformáid inrochtana a onnmhairiú chuig tríú tíortha

Féadfaidh eintiteas údaraithe atá bunaithe i mBallstát cóip i bhformáid inrochtana a dhéantar i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta a glacadh de bhun Threoir [...] a dháileadh, a chur in iúl nó a chur ar fáil do dhaoine is tairbhithe nó d'eintiteas údaraithe atá bunaithe i dtríú tír atá ina páirtí i gConradh Marrakech.

Airteagal 4
Cóipeanna i bhformáid inrochtana a allmhairiú ó thríú tíortha

Féadfaidh duine is tairbhí nó eintiteas údaraithe atá bunaithe i mBallstát cóip i bhformáid inrochtana a dáileadh, a cuireadh in iúl nó a cuireadh ar fáil do dhaoine is tairbhithe nó d'eintitis údaraithe, ag eintiteas údaraithe i dtríú tír atá ina páirtí i gConradh Marrakech, a allmhairiú nó a fháil nó a rochtain ar bhealach eile agus a úsáid ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta a glacadh de bhun Threoir [...].

Airteagal 5
Oibleagáidí eintiteas údaraithe

1. Áiritheoidh eintiteas údaraithe atá bunaithe i mBallstát atá ag cur na ngníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 i gcrích:

   (a) nach ndéanfaidh sé cóipeanna i bhformáid inrochtana a dháileadh, a chur in iúl agus a chur ar fáil ach amháin do dhaoine is tairbhithe nó d'eintitis údaraithe eile;

   (b) go ndéanfaidh sé bearta iomchuí chun macasamhlú, dáileadh, cur in iúl agus cur ar fáil neamhdhleathach de chóipeanna i bhformáid inrochtana a dhíspreagadh;

   (c) go léireoidh sé cúram cuí, agus go gcoimeádfaidh sé taifid, i dtaca lena láimhseáil de shaothair agus ábhar eile agus dá gcóipeanna i bhformáid inrochtana; agus

   (d) go bhfoilseoidh sé agus go nuashonróidh sé, ar a shuíomh gréasáin más cuí, faisnéis i dtaca leis an gcaoi ina gcomhlíonann sé na hoibleagáidí atá leagtha síos i bpointí (a) go (c).

2. Tabharfaidh eintiteas údaraithe atá bunaithe i mBallstát atá ag cur na ngníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 3 agus in Airteagal 4 i gcrích an fhaisnéis seo a leanas, ar iarratas, chuig aon duine is tairbhí nó sealbhóir cirt:

   (a) liosta na saothar agus ábhair eile dá bhfuil cóipeanna i bhformáid inrochtana aige agus na formáidí atá ar fáil; agus

   (b) ainm agus sonraí na n-eintiteas údaraithe a raibh sé páirteach leo sa mhalartú de chóipeanna i bhformáid inrochtana de bhun Airteagail 3 agus Airteagal 4.

Airteagal 6
Sonraí pearsanta a chosaint

Beidh an phróiseáil ar shonraí pearsanta a dhéantar faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir le Treoir 95/46/CE.

Airteagal 7
Athbhreithniú

Tráth nach luaithe ná [cúig bliana i ndiaidh dáta an fheidhmithe], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo agus tíolacfaidh sé na príomhthátail chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, in éineacht le tograí chun an Rialachán seo a leasú, i gcás inarb iomchuí.

Tabharfaidh na Ballstáit an fhaisnéis don Choimisiún atá riachtanach chun an tuarascáil meastóireachta a ullmhú.

Airteagal 8
Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 9
Cur i bhfeidhm i dtaca le ham

Beidh an Rialachán seo infheidhme ón [dáta thrasuí na Treorach […]].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*